

Straitéis Oidhreachta Chontae Mhuineacháin *2026-2031*



2026-2031

OIDHREACHA



Comhairle Contae Mhuineacháin
Monaghan County Council



Ceangal
Clár den Chomhairle Oidhreachta
A Heritage Council programme

“Nochtann an t-am áilleacht, iontas, agus diamhracht chun fíochán geall an tsaoil a léiriú.” A.D. Posey

CLÀR ÁBHAR

Réamhrá	2
Réamhrá	3
Muineachán Amlíne Ghairid	4
Céard is Oidhreacht ann?	5
Oidhreacht i gContae Mhuineacháin	7
Oidhreacht Chontae Mhuineacháin faoi Chosaint	11
Maidir le Straitéis Oidhreachta Chontae Mhuineacháin 2026-2031	12
Conas a chuirtear Straitéis Oidhreachta Chontae Mhuineacháin 2026-2031 i bhfeidhm?	12
An próiseas comhairliúcháin	14
Príomhéachtaí an phlean dheireanaigh	16
Forbhreathnú ar chomhthéacs beartais do Straitéis Oidhreachta Chontae Mhuineacháin 2026-2031	22
Misean	23
Fís	23
Téamaí Straitéiseacha	23
1. Cosaint agus Seasamh ar son na hOidhreachta	24
2. Eolas a Nearthú	25
3. Pobail a Chumhachtú	26
4. Comhpháirtíochtaí a Chothú	27
5. Seasmhacht Aeráide a Nearthú	28
Aguisín 1: Rannpháirtithe sa Phróiseas Comhairliúcháin	29
Aguisín 2: Baill d'Fhóram Oidhreachta Chontae Mhuineacháin 2024 – 2025	29
Aguisín 3: Comhthéacs beartais do Straitéis Oidhreachta Chontae Mhuineacháin 2026 – 2031	30

Cathaoirleach

Réamheá

Cuirim fáilte mhór roimh fhoilsiú Straitéis Oidhreachta Chontae Mhuineacháin 2026–2031. Leagtar amach sa doiciméad seo tosaíochtaí soiléire maidir le cosaint agus cur chun cinn na hoidhreachta a mhúnláíonn ár gcontae - ár dtírdhreacha, foirgnimh stairiúla, suíomhanna seandálaíochta, traidisiúin, agus na scéalta a nascann ár bpobail.

Forbraíodh an straitéis le hionchur láidir ón bpobal, ó ghrúpaí pobail agus ó pháirtithe leasmhara ar fud Mhuineacháin. Leag an t-aiseolas uathu béim ar an luach a chuireann daoine ar an oidhreacht agus ar an ngá lena chinntiú go dtugtar aire cheart di, go dtuigtear í agus go ndéantar inrochtana do chách í.

Sna cúig bliana amach romhainn, oibreoidh an Chomhairle le comhpháirtithe agus le pobail áitiúla chun gníomhaíochtaí praiticiúla a chur i gcrích a thacóidh le caomhnú, a chuirfidh le heolas, agus a spreagfaidh rannpháirtíocht. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a chuidigh le hullmhú na straitéise seo agus a leanann orthu de thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh oidhreachta ar fud an chontae.

Cllr. P.J. O'Hanlon
Cathaoirleach, Comhairle Contae
Mhuineacháin



Réamhrá an

Phríomhfheidhmeannaigh

Tá áthas orm Straitéis Oidhreachta Chontae Mhuineacháin 2026-2031 a chur i láthair, ina leagtar amach creat soiléir praiticiúil chun oidhreacht shaibhir thógtha, nádúrtha agus chultúrtha ár gcontae a chosaint, a bhainistiú agus a cheiliúradh sna cúig bliana amach romhainn. Tá ár n-oidhreacht lárnach dár dtuiscint orainn féin, a léirítear inár dtírdhreacha éagsúla, inár lonnaíochtaí stairiúla, inár suíomhanna seandálaíochta, inár dtimpeallacht nádúrtha agus sna traidisiúin chultúrtha atá faoi bhláth inár bpobail i gcónaí.

Deis thábhachtach a bhí in ullmhú na straitéise seo chun tuiscint níos fearr a fháil ar bhail ár n-oidhreachta, ar an mbrú atá uirthi agus ar na gníomhaíochtaí atá de dhíth chun í a chosaint don todhchaí. Bhí rannpháirtíocht le comhlachtaí earnála, grúpaí pobail agus speisialtóirí thar a bheith luachmhar chun bearnaí inár n-eolas a shainaithint, chun béim a leagan ar réimsí inar féidir an bhainistíocht a neartú, agus chun tosaíochtaí a mhúnlú a éilíonn gníomhaíocht chomhordaithe ar fud sheirbhísí na Comhairle.

Leagtar amach sa straitéis seo cuspóirí praiticiúla thar chúig phríomhthéama: an oidhreacht a chosaint, cur le heolas, tacú le pobail, comhpháirtíochtaí a neartú agus freagairt do dhúshláin aeráide. Cuireann sé creat láidir ar fáil chun ranna na Comhairle a threorú agus an oidhreacht á leabú acu sa phleanáil, san athnuachan, sa bheartas aeráide agus san fhorbairt pobail.



Aithnímid an dul chun cinn suntasach a rinneadh faoin bplean roimhe seo agus an cúnamh rithábhachtach a rinne oibrithe deonacha, grúpaí oidhreachta, an Chomhairle Oidhreachta agus foireann na Comhairle. Bhí a dtiomantas agus a saineolas lárnach chun cosaint na hoidhreachta a chur chun cinn i Muineachán, agus beidh a dtiomantas leanúnach rithábhachtach agus muid ag dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Oifigeach Oidhreachta agus le gach duine a chuidigh le forbairt na straitéise seo. Trí chomhoibriú agus comhchuspóir, is féidir linn a chinntiú go leanfaidh oidhreacht Mhuineacháin de bheith ina hacmhainn luachmhar, sheasmhach agus cheiliúrtha do gach duine a chónaíonn agus a oibríonn inár gcontae agus a thugann cuairt air, anois agus amach anseo.

Robert Burns
Príomhfheidhmeannach,
Comhairle Contae Mhuineacháin

Muineachán *Amlíne Ghairid*



1

BUNÚS GEOLAÍOCH

Níos mó ná 400 milliún bliain ó shin

Tá cuid mhór de Mhuineachán déanta as aolchloch, sceall agus gaineamhchloch ársa a rinneadh nuair a bhíodh an talamh seo laistíos de mhuir thrópaiceach the. Trí ghluaiseachtaí an domhain níos déanaí, fillleadh agus claonadh na carraigeacha seo.



2

RÉAMHSTAIR LUATH

(An Oighearaois & an Iar-Oighearaois)

c. 10000 RCR agus níos luaithe

Le linn na nOighearaoiseanna, d'athmhúnaigh oighearshruthanna cumhachtacha an talamh agus cruthaíodh droimníní, lochanna agus portaigh Mhuineacháin. Bhíodh ainmhithe móra amhail Fia Mór na mBeann (*Megaloceros Giganteus*) le feiceáil ar an tírdhreach seo. **Samplaí:** Tá beanna an Fhia Mhóir, a fuarthas ar Eastát Bath i dtuaisceart Mhuineacháin, ar taispeáint anois sa Halla Mór i dTeach Longleat.



3

MÉISILITEACH

(Fíagaithe Cnuasaitheoirí)

c. 8000 – 4000 RCR

Thosaigh grúpaí beaga daoine ag úsáid aibhneacha agus lochanna Mhuineacháin ar bhonn séasúrach agus iad ag seilg, ag iascaireacht agus ag bailiú plandaí fiáine.



4

NEOILITEACH

(Na Chéad Fheirmeoirí)

4000 – 2400 RCR

Tháinig an fheirmeoireacht go Muineachán. **Sampla:** Maigh nEanaigh, Carraig Mhachaire Rois – iarsmaí de thrí theach Neoiliteacha a nochtadh le linn oibreacha bóthair an N2.



5

AN CHRÉ-UMHAOIS

2400 – 500 RCR

Forbraíodh an mhiotalóireacht. **Sampla:** Coire Lios Dhroim Thoiric, a fuarthas in aice le Carraig Mhachaire Rois faoi phortach domhain agus a théann siar go dtí thart ar 800 RCR.



6

AN IARANNAOIS

500 RCR – 400 CE

Tháinig oibreacha móra créafóige agus teorannacha ar an bhfód **Sampla:** Clai na Muice Duibhe / Clai na Péiste, obair fhada chréafóige líneach a shíneann thar iardheisceart Mhuineacháin.




7

LUATH-MHEÁNAOISEACH

C. 400 – 1160 CE

D'éirigh ráthanna, crannóga agus mainistreacha níos coitianta. D'imir an Chríostaíocht tionchar ar an lonnú agus ar an bhfoghlaim. **Samplaí:** Crannóg Lios an Uisce, Inis Caoin Naomh Daig, Scrín Chluain Eois, ardchros agus cloigtheach



8

MEÁNAOISEACH

c. 1160 – 1660 CE

Forbraíodh caisleáin agus bailte tar éis theacht na nAngla-Normannach. Ina dhiaidh sin tháinig meath ar thiarnais na nGael le linn Phlandáil Uladh. **Samplaí:** Caisleán Dhomhnach Maighean, suíomhanna móta agus bábhún i gCluain Eois agus Inis Caoin.



9

18Ú HAOIS

Rinne tithe agus eastáit mhóra tuaithe codanna den tírdhreach a athmhúnlú. **Sampla:** Caisleán Hope, a tógadh in 1799 ar bhruach Loch Mucnú.



10

19Ú HAOIS

De bharr theacht an tionscail, canálacha agus an iarnróid, ceanglaíodh Muineachán le margai níos faide i gcéin. D'éirigh táirgeadh líneadaigh ina thionscal tábhachtach. **Samplaí:** Canáil Uladh, iarnród Béal Átha Beithe-Cluain Eois, muileann lín Shráidbhaile an Mhuilinn.

De ghnáth, tagraíonn oidhreacht do stair acmhainní fisiciúla, cultúrtha agus nádúrtha a seachadadh ó ghlúin go glúin. Áirítear léi:

- ✿ **Oidhreacht Chultúrtha:** Traidisiúin, teanga, ceol, ceardaíocht, litríocht, agus nósanna sóisialta.
- ✿ **Oidhreacht Thógtha:** Foirgnimh stairiúla, séadchomharthaí agus gnéithe ailtireachta.
- ✿ **Oidhreacht Nádúrtha:** Tírdhreacha, bithéagsúlacht, geolaíocht agus láithreáin atá tábhachtach ó thaobh na héiceolaíochta de.
- ✿ **Oidhreacht Dholáimhsithe:** Scileanna, béaloideas agus cleachtais a shainíonn féiniúlacht pobail.

céard is OIDHREACHT?

“I mbeagán focal, oidhreacht is ea rudai a fhágtar linn ón am atá thart agus atá tábhachtach go leor le caomhnú don todhchaí. Bíonn tionchar aici ar fhéiniúlacht, cothaíonn si leanúnachas, agus ceanglaíonn si daoine lena gcuid staire agus lena dtimpeallacht.”

Cuimsítear le hoidhreacht Chontae Mhuineacháin a thírdhreach droimnín uathúil, láithreáin seandálaíochta, bailte stairiúla, agus ailtireacht ó ré na plandála, chomh maith le harsmaí tionsclaíocha, gnáthóga nádúrtha, agus traidisiúin chultúrtha bheoga. Ó luath-lonnaíochtaí agus iarsmaí eaglasta go déanamh lása agus oidhreacht liteartha Patrick Kavanagh, ceanglaíonn an oidhreacht seo stair Mhuineacháin le Muineachán an lae inniu agus amach romhainn.

atá thart is ea oidhreacht, rud a shainíonn an t-am atá an-
ar sios uirthi mar chnuasach traidisiúnaí a sheachadtar ar aghaidh

“Leagaid an ama atá thart is ea oidhreacht, rud a shainíonn an t-am i láthair agus a mhúnláionn an t-am atá amach romhainn. Is minic a chuirtear síos uirthi mar chnuasach traidisiúnaí, scéalta agus luachanna a sheachadtar ar aghaidh ó ghlúin go glúin.”

OIDHREACHT

oidhreacht, rud a shainíonn an t-am atá amach romhainn. mar chnuasach traidisiúnaí, sheachadtar ar aghaidh ó ghlúin go glúin.

Oidhreacht i gContae Mhuineacháin




Is éard is brí le Muineachán áit atá lán le muineacha. Thar an mílaois, tá gníomhaíocht an oighir oighrigh, cleachtais talmhaíochta athraitheacha, patrúin lonnaithe agus forbairt tar éis dul i bhfeidhm ar thírdheach uathúil an chontae atá lán de dhroimíní, lochanna agus bogaigh. Is gné thírdheacha gheolaíoch uathúil iad na moiréin nó na hiomairí easnacha trasghearrtha in aice le hAchadh na hAbhla, atá mar chuid den pháirc is mó den chineál seo moiréin ar domhan.

Tá rianta na gcéad lonnaitheoirí le feiceáil fós in ealaín na carraige ag Droim Oirill, agus sna ráthanna, sna cairn, sna crannóga agus sna reiligi atá scaipthe ar fud an chontae. Gné shuntasach is ea Claí na Muice Duibhe nó Claí na Péiste, grúpa de chréfoirt líneacha a shíneann beagnach 10km trí iardheisceart Mhuineacháin. I bhfoirmeacha agus ainmneacha éagsúla, síneann sé trasna naoi gcontae san iomlán agus tá sé ann le breis is dhá mhíle bliain (an Iarannaois dhéanach). Go háitiúil tagann an t-ainm ó sheanchas na ndaoine inar stróic múinteoir scoile an tírdheach, múinteoir scoile feargach, mistéireach, creachach a d'iompáigh ina mhuc.

Tá go leor láithreáin luatha eaglasta sa chontae, a bhaineann le naoimh Éireannacha éagsúla. Cé gur bhunaigh Naomh Maeldoid eaglais in aice le Loch Mucnú sa 7ú haois, bhí láithreán mainistreach i mBaile Charraig Mhachaire Rois ar a dtugtar Cillín Rois timpeall na tréimhse céanna. Bhunaigh Naomh Tiarnach Eaglais agus mainistir darbh ainm Cluain Eois sa 6ú haois i gCluain Eois, áit a bhfuil stair fhada aici mar lárionad an tsaoil chultúrtha, reiligiúnaigh, shoisialta agus thráchtála, mar is léir ón gClogtheach agus ón Mainistir, ón Ardchros, agus ón Lios. Sa lá atá inniu ann, tá spéis náisiúnta ó thaobh na hoidhreacht de ag baint le reiligi agus le séadchomharthaí adhlactha an Chontae, cosúil leo siúd i dTigh Damhnata.

Tá stair luachmhar ag baint le bailte stairiúla Mhuineacháin atá fós le feiceáil inniu i gcreatlach fhisiciúil an Chontae. Tá Móta agus Bábhún dea-chaomhnaithe i gCluain Eois, a tógadh le linn ré na nAngla-Normannach agus tá iarsmaí ann ó lonnaithe i mBaile Mhuineacháin sa cheathrú haois déag nuair a bhí cónaí ar chlann Mhic Mhathúna i gcrannóg ar Loch an Chlochair.



“MÚNLAÍONN ÁR
N-OIDHREACHT ÉAGSÚIL
FÉINIÚLACHT UATHÚIL
ÁR DTÍRE AGUS ÁR
N-ÓMÓS ÁITE.”



Cuireann suíomh Mhuineacháin, in Uladh agus ar an teorainn, le féiniúlacht uathúil agus le hómós áite an chontae. I mBaile Mhuineacháin, léirítear roinnt tréithe a bhaineann le bailte ó ré phlandáil Uladh, amhail an diamant lárnach nó cearnóg an mhargaidh. Tá forbairt Bhaile na Lorgan bainteach le plandáil Uladh freisin, inar bronnadh tailte ar mhuintir Blayney a géilleadh ó chlann Mhic Mhathúna, agus mar thoradh air sin tógadh Caisleán Blayney (Caisleán Hope) - bábhún agus teach daingnithe ó thús an 17ú haois. Tá caisleán Plandálaí eile a thóg lonnaitheoirí Sasanacha, dream a chuir garastún air sa 17ú haois ag breathnú amach ar Shráid Uí Dhufaigh i gCluain Eois. I dtéarmaí tráchtála bhí Carraig Mhachaire Rois ina bhaile margaidh cáiliúil ón 16ú haois, agus bhí príomh-mhargadh na muc agus an ime sa réigiún lonnaithe ann. Sa 18ú haois, tháinig fás ar thionscail sa bhaile, lena áiríodh bácúis, drioghlanna, grúdlann, teanús

agus monaróir tobac. Léiríonn Ospidéal Fiabhrais, Teach na mBocht, agus sean-reilig an Ghorta Mhóir “*Akra an Bhulaí*” i gCarraig Mhachaire Rois an tionchar mór a bhí ag an *nGorta Mór* ar an bpobal áitiúil sa chéad bliain ina dhiaidh, nuair a thit daonra Mhuineacháin go mór.

D’fheidhmigh Béal Átha Beithe mar mhol do mhargaí, aontaí, agus cruinnithe poiblí, agus bhíodh imeachtaí ar siúl d’eagraíochtaí agus do chumainn áitiúla. Choinnigh ceardaithe oile amhail gaibhne, diallaiteoirí agus siúinéirí cairteacha agus carráistí, agus is cuid thábhachtach d’oidhreacht an chontae na ceirdeanna traidisiúnta seo fós. Cuimsítear le hoidhreacht thionsclaíoch Mhuineacháin táirgeadh línéadaigh an Chontae, an stair shóisialta a bhaineann le muilte agus ainmneacha áitiúla, chomh maith le gnéithe de Mhór-Iarnród an Tuaiscirt agus de Chanáil Uladh atá fós ann. Osclaíodh Canáil

Uladh sa bhliain 1841 agus ina dhiaidh sin tógadh an líne iarnróid ó Dhún Dealgan go Inis Ceithleann trí Bhéal Átha Beithe agus Cluain Eois sa bhliain 1854, a d’iompair paisinéirí, beostoc, breosla agus earraí. Tá Stórais Chanáil Uladh athchóirithe agus foirgneamh an chaschláir iarnróid fós ann inniu. Tá sráidbhaile an Mhuilinn, suíomh muileann lín ón 19ú haois, ar cheann de bheagán samplaí de fhorbairt thionsclaíoch thuaithe luath dhea-chaomhnaithe atá ann in Éirinn.

Cuireadh tús le déanamh lása Charraig Mhachaire Rois, ceardaíocht thraidisiúnta eile a bhfuil baint aici le Muineachán le fada, go luath sna 1820idí agus í spreagtha ag lása Iodálach na ré sin. B’fhoins ioncaim do theaghlaigh tuaithe déanamh lása, agus maireann an cheird fós inniu le dearaí traidisiúnta agus comhaimseartha araon ar fáil ón Dánlann i gCarraig Mhachaire Rois.

Tá roinnt samplaí breátha de “*Thithe Móra*” agus tírdhreacha deartha nó diméinte i Muineachán a léiríonn an córas úinéireachta talún in Éirinn ón 17ú

go dtí an 19ú haois, lena n-áirítear Caisleán Leslie, Caisleán Hope, Páirc Hilton, Eastát Dhartraí agus Páirc Ros Mór (i gcásanna áirithe leagadh na tithe bunaidh, ach tá gnéithe de thírdhreach na diméine fós ann).

Maidir le hoidhreacht ailtireachta, tá 20 Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACAnna) agus ACA beartaithe amháin i Muineachán, a n-aithnítear iad mar limistéir lena mbaineann tábhacht ailtireachta, stairiúil, seandálaíochta, ealaíonta, chultúrtha, eolaíoch, shóisialta nó theicniúil. Tá an chuid is mó de na ACAnna i lár bailte Mhuineacháin, Charraig Mhachaire Rois agus Chluain Eois. Tá Sráidbhaile Ghlaslocha ainmnithe mar Limistéar Oidhreacht Ailtireachta freisin.

Chomh maith le seacht gcéad Struchtúr atá faoi Chosaint, idir fhoirgnimh agus tithe tionsclaíocha agus reiligiúnacha, chomh maith le boscaí poist, droichid chloiche agus caidéil uisce, tá tithe agus tithe-lasmuigh a bhfuil stíleanna traidisiúnta ar leith acu scaipthe ar fud an tírdhreacha.

Tógadh na tithe sin trí ábhair a bhí ar fáil go héasca a úsáid, agus dearadh iad le scileanna agus ábhair thraidisiúnta, rud a léiríonn modh maireachtála agus carachtar ar leith na nglúnta roimhe seo. I suirbhé ar oidhreacht thógtha in 2021-22, luadh seacht maoin tuí i Muineachán.

Cuimseofar gníomhartha chun oidhreacht nádúrtha agus bithéagsúlacht, gné rithábachtach d'oidhreacht an Chontae, a chosaint faoi phlean ar leith, Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Ceantair Áitiúil de chuid Chomhairle Contae Mhuineacháin 2026-2031. I measc na láithreán atá faoi chosaint ag leibhéal an AE mar gheall ar a luach caomhnaithe tá Cnuas Loch Choill Rúscáí, Cluain Eois (gnáthóg do Phiardóga liathbhána). Cuireann Sliabh Beatha limistéar pórúcháin ar fáil do Chromán na gCearc, mar aon le gnáthóg thábhachtach d'éin eile lena n-áirítear Géanna Bánéadanacha Graonlannacha. Ar an leibhéal náisiúnta, tá Portach Eshbrack ar Shliabh Beatha ainmnithe mar Limistéar Oidhreacht Nádúrtha, toisc gur príomhlimistéar bratphortaigh é agus láithreán lena mbaineann ardluach caomhnaithe.


Tá Loch Mucnú, lena chuid lochanna, droimníní, a pháirc choillteach, agus a shuíomh lárnach i mBaile na Lorgan, ainmnithe mar Limistéar Príomhluacha Conláiste. Tá Páirc Ros Mór ó dheas ó bhaile Mhuineacháin (a ceannáíodh ó bharúntacht Ros Mór sa bhliain 1950) athphlandáilte le speicis leathanduilleacha agus bhuaircíneacha ag Coillte agus cuireann sí gnáthóg ar fáil anois don fhiadhúlra agus chomh maith le coillte agus siúlóidí cois locha.

Tá pobal láidir bríomhar Gaeilge i Muineachán agus cuimsítear le hoidhreacht chultúrtha luachmhar agus stair shóisialta an chontae modhanna agus scileanna traidisiúnta feirmeoireachta amhail tuíodóireacht, na tithe céilí, ceol traidisiúnta agus filíocht. Rugadh Patrick Kavanagh, duine de na filí is cáiliúla de chuid na hÉireann, in Inis Caoin sa bhliain 1904 agus d'oibrigh sé ar fheirm bheag. Spreag an tírdhreach Kavanagh chomh maith leis an bpobal timpeall air, agus scríobh sé faoin treabhdóir agus faoin ithir liath chlochach – tá *“Billy Brennan's Barn”* ar cheann de na saothair is mó dá chuid a thaitníonn le daoine.

Oidhreacht Chontae Mhuineacháin faoi Chosaint



700
STRUCHTÚIR
CHOSANTA



1365
STRUCHTÚIR
THAIFEADTA



7
SÉADCHOMHARTHAÍ
NÁISIÚNTA



2
LIMISTÉIR FAOI
CHOSAINT
SPEISIALTA



1
LIMISTÉIR FAOI
CHAOMHNÚ
SPEISIALTA



7
LIMISTÉIR OIDHREACHTA
NÁDÚRTHA (agus 38 atá
beartaithe)




20
SUÍOMHANNA
GEOLAÍOCHA AN
CHONTAE



10
TITHE STAIRIÚLA
AGUS TÍRDHREACHA
DEARTHA



1
MÚSAEM AN CHONTAE



“IS GNÉITHE
TÁBHACHTACHA
D'OIDHREACT NA TÍRE
AR N-OIDHREACT
NÁDÚRTHA AGUS AN
BHITHÉAGSÚLACHT.”



Maidir le Straitéis Oidhreacht Chontae Mhuineacháin 2026-2031

Is straitéis uile-chontae í an cháipéis seo atá faoi stiúir Chomhairle Contae Mhuineacháin ina leagtar amach cuspóirí maidir le hoidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha an Chontae a aithint, a chosaint, a chaomhnú, a bhainistiú, a fheabhsú agus a léirmhíniú. Cuidíonn ullmhú na straitéise le saincheisteanna agus riachtanais oidhreacht sa chontae a aithint, agus le dul i ngleic leo go háitiúil, laistigh de chreat réigiúnach agus náisiúnta.

Gach cúig bliana, ullmhaítear agus cuirtear Straitéis Oidhreacht Contae nua chun feidhme bunaithe ar thoradh comhairliúcháin agus meastóireacht leanúnaí. Leagfar amach i bPlean

Gníomhaíochta Bliantúil na tionscadail shonracha agus gníomhartha sonracha is gá chun na cuspóirí sa straitéis a bhaint amach. Leagtar amach go mion sa Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Ceantair Áitiúil na gníomhartha a dhéanfar chun cuspóirí a bhaineann le cosaint na bithéagsúlachta a bhaint amach.

Áiríodh leis an bpróiseas chun an straitéis seo a fhorbairt comhairliúchán réamhdhreachta a dhéanamh trí shuirbhé ar líne ar thairseach comhairliúcháin Chomhairle Contae Mhuineacháin, aighneachtaí scríofa, agus seisiúin faisnéise poiblí i leabharlanna (Cluain Eois, Muineachán, agus Carraig Mhachaire Rois). Cuireadh Dréacht-Straitéis Oidhreacht an Chontae amach le haghaidh comhairliúcháin ansin; cuireadh i gcrích í tar éis athbhreithniú ar aighneachtaí a fuarthas, agus ceadaigh Comhairle Contae Mhuineacháin í.

Conas a chuirtear Straitéis Oidhreacht Chontae Mhuineacháin 2026-2031 i bhfeidhm?

Beidh comhoibriú agus comhpháirtíocht idir réimse páirítithe leasmhara ag teastáil chun an straitéis a chur i bhfeidhm, agus prionsabal na comh-mhaoirseachta oidhreacht mar bhonn agus mar thaca leis sin.

Comhairle Contae Mhuineacháin

Déanann an tOifigeach Oidhreacht maoirseacht agus bainistíocht ar fhorbairt agus cur chun feidhme Straitéis Oidhreacht an Chontae. Tá baill foirne gairmiúla eile ag Comhairle Contae Mhuineacháin atá ag obair i réimse ranna a bhfuil ról acu i seachadadh seirbhísí oidhreacht ar fud an Chontae, lena n-áirítear an tOifigeach Bithéagsúlachta, Coimeádaí Mhúsaem an Chontae, an tOifigeach Caomhnaithe Ailtireachta, agus Cartlannaí an Chontae (tá an bheirt dheireanacha sin fós le bheith ceaptha agus an tuarascáil seo á scríobh).

Bíonn comhoibriú tras-rannach le foirne éagsúla laistigh den Chomhairle i gceist le sócmhainní oidhreacht an Chontae agus rannpháirtíocht an phobail a bhainistiú agus a chosaint e.g. gníomhú ar son na haeráide, pleanáil, athnuachan bailte, na healaíona, turasóireacht agus leabharlanna.

Is comhlacht reachtúil í **an Chomhairle Oidhreacht** a bunaíodh faoin Acht Oidhreacht, 1995 a bhfuil sé mar mhisean aici plé a dhéanamh, oideachas a chur ar dhaoine agus abhcóideacht a dhéanamh chun tuiscint níos leithne a fhorbairt ar an méid rithábachtach a chuireann oidhreacht le folláine shóisialta, chomhshaoil agus eacnamaíoch. Is comhpháirtí náisiúnta rithábachtach í an Chomhairle Oidhreacht, toisc go gcuireann sí tacaíocht theicniúil agus airgeadais ar fáil chun pleananna oidhreacht a fhorbairt agus a chur i gcrích. Fostaíonn údarais áitiúla Oifigigh Oidhreacht i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Oidhreacht faoi choimirce Chlár Ceangal.

Is grúpa comhairleach é **Fóram Oidhreacht Mhuineacháin**, a thugann comhairle maidir le hullmhú agus cur chun feidhme Straitéis Oidhreacht an Chontae. Tá an Fóram Oidhreacht comhdhéanta d'ionadaithe ó eagraíochtaí agus ó ghrúpaí a bhfuil baint acu le hoidhreacht Mhuineacháin e.g., gníomhaireachtaí agus comhlachtaí stáit a bhfuil cúram oidhreacht orthu, Comhairleoirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ionadaithe ó ghrúpaí pobail (tá liosta de na baill ar fáil in Aguisín 3).

Tá ról rithábachtach ag **an bpobal i gcoitinne** i gcúram oidhreacht shaibhir an Chontae. Tá pobal láidir gníomhach ag Muineachán, ina bhfuil daoine aonair, grúpaí oidhreacht agus pobail, agus oibrithe deonacha a bhfuil meas acu ar oidhreacht Mhuineacháin agus atá cíocrach í a thaifeadadh, a chosaint agus a cheiliúradh ar an leibhéal áitiúil.



“Tugann an oidhreacht luach saibhir dár gcultúr agus dár gcruthaitheacht, ní hamháin do dhaoine aonair ach don tsochaí uile. Ní mór dúinn tacú le cleachtas cruthaitheach agus rannpháirtíocht chultúrtha.”

AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN

Bhí comhairliúchán poiblí réamhdhréachta ar siúl chun cabhrú le baill aonair den phobal, grúpaí leasmhara, agus eagraíochtaí a dtuairimí agus a smaointe a roinnt maidir le téamaí tosaíochta don chéad Straitéis Oidhreacht Contae eile agus chun cabhrú le saincheistean agus riachtanais áitiúla a aithint.

Bhí suirbhé ar líne ar fáil ar Thairseach Comhairliúcháin Chomhairle Contae Mhuineacháin ón 12 Meitheamh go dtí an 8 Lúnasa 2025. Cuireadh an suirbhé chun cinn trí na meáin shóisialta, i nuachtáin áitiúla, i leabharlanna, trí bhaill Fhóram Oidhreacht Mhuineacháin agus chuig eagraíochtaí sa Líonra Rannpháirtíochta Poiblí.

Reáchtáil an tOifigeach Oidhreacht sraith seisiún faisnéise poiblí faoi Straitéis Oidhreacht an Chontae i mbrainsí leabharlainne Mhuineacháin, Chluain Eois agus Charraig Mhachaire Rois i mí an Mheithimh 2025. San iomlán, fuarthas ceithre fhreagra is daichead ar an suirbhé agus ceithre aighneacht scríofa ó bhaill aonair den phobal, ó ghrúpaí oidhreacht, ealaíon agus forbartha pobail, ó chumainn stairiúla, ó ghrúpaí Bailte Slachtmhara agus ó chomhlachtaí poiblí. Fuarthas aighneachtaí breise i scríbhinn le linn an dara babhta comhairliúcháin mar fhreagairt ar an dréachtstraitéis.

Léirigh an próiseas comhairliúcháin go meastar go bhfuil tábhacht leis an oidhreacht ar go leor cúiseanna, den chuid is mó toisc go bhfuil baint aici le scéalta an phobail nó leis an stair shóisialta, agus an ról atá ag an oidhreacht chun muid a cheangal le háit agus chun cur leis an áit ina mairimid. Tá feacht láidir i measc fhormhór na bhfreagróirí suirbhé ar thábhacht na oidhreacht toisc nach féidir í a athsholáthar agus í caillte.

Tháinig roinnt téamaí tosaíochta chun cinn le linn an chomhairliúcháin, lena n-áirítear cosaint na hoidhreacht agus tacaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht an phobail. Tá tacaíocht láidir ann do thosaíocht a thabhairt do chaomhnú oidhreacht an Chontae, go háirithe láithreáin seandálaíochta, séadchomharthaí, foirgnimh agus oidhreacht ailtireachta. Is minic a rangáíodh oidhreacht chultúrtha a chosaint agus a cheiliúradh lena n-áirítear béaloideas, scéalta, traidisiúin, teanga, amhráin, logainmneacha, dánta, agus ceardaíocht agus scileanna traidisiúnta go minic mar ardtosaíocht freisin.

Measadh freisin gur tosaíocht é tacú le pobail chun páirt ghníomhach a ghlacadh san oidhreacht áitiúil

agus rochtain a éascú do chách; tá sé rithabhachtach feacht a mhúscailt, oidhreacht a cheiliúradh agus í a chur in iúl freisin. Leagadh béim ar an ngá atá ann daoine óga a mhealladh ar bhealaí a mheasann siad a bheith suimiúil agus ábhartha. Luadh an tábhacht a bhaineann le deiseanna a chur ar fáil do gach duine ceangal a dhéanamh leis an oidhreacht trí rannpháirtíocht a chuimsíonn daoine atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus daoine ó gach cúlra cultúrtha agus de gach aois.

Meastar gurb iad na príomhdhúshláin atá roimh oidhreacht an Chontae agus na nithe a chuireann i mbaol í ná easpa feacht nó eolais ar an oidhreacht agus an luach a bhaineann léi, easpa rannpháirtíochta agus oideachais agus easpa spéise san oidhreacht. Meastar go mbíonn tionchar diúltach acu siúd ar an mbithéagsúlacht agus go gcailltear oidhreacht dholáimhsithe dá bharr, lena n-áirítear béaloideas, traidisiúin agus scéalta na nglúnta níos sine, nach bhfuil taifeadta. Leis na moltaí chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar rannpháirtíocht, leagtar béim arís ar an ngá atá le for-rochtain agus oideachas do scoileanna, úinéirí talún agus an pobal i gcoitinne.

Léiríodh inné faoin mbaol atá ann don oidhreacht de bharr brú ó fhorbairt chónaithe, tráchtála agus talmhaíochta, cailliúint foirgneamh níos sine agus droch-phleanáil úsáide talún. Ábhar inné eile freisin ná easpa maoinithe le haghaidh athchóirithe agus cothabhála, agus na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann leis an athrú aeráide ar láithreáin oidhreacht tógtha agus nádúrtha.

I measc na bpríomhthéamaí a tháinig chun cinn i dtuairimí na bhfreagróirí maidir leis an méid a dhéanadh sé níos fusa dóibh ceangal a dhéanamh le hoidhreacht, bhí cumarsáid agus cur chun cinn níos fearr, agus féilire imeachtaí uile-chontae. Bheadh fáilte roimh dheiseanna do ghrúpaí agus do dhaoine aonair ar spéis leo bualadh le chéile nó líonrú, páirt a ghlacadh in oiliúint, agus freastal ar imeachtaí a fhaigheann tacaíocht ón Rannóg Oidhreacht nó iad a óstáil.

Tá spéis mhór i measc fhreagróirí an tsuirbhé in oiliúint agus i dtionscadail oidhreacht atá bunaithe sa phobal, rud a mhéadódh an cumas taifeadta, cosanta agus maoirseachta ar an leibhéal áitiúil e.g., taighde ar stair áitiúil, taifeadadh leac uaighe, bailiú béaloidis agus logainmneacha, agus tionscadail seandálaíochta pobail.

Tá smaointe maidir le tionscadail nó acmhainní oidhreacht arna roinnt ag na daoine a ndearnadh comhairliúchán leo, agus atá laistigh de chúram na Rannóige Oidhreacht, taifeadta agus breithneofar iad agus pleananna oibríochtúla bliantúla á bhforbairt.

“IMRÍONN AN OIDHREACHT RÓL THAR A BHEITH TÁBHACHTACH MAIDIR LENÁR GCEANGAL LE HÁITEANNA AGUS CUIREANN SÍ LEIS AN ÁIT INA BHFUILIMID INÁR GCÓNAÍ.”



PRÍOMHÉACHTAÍ AN PHLEAN DHEIREANAIGH

Leagtar amach i bPlean Straitéiseach Bithéagsúlachta agus Oidhreachta Mhuineacháin 2020-2025 trí réimse théamacha déag fócais, idir maolú ar an athrú aeráide trí chaomhnú oidhreachta agus caomhnú na hoidhreachta cultúrtha doláimhsithe. Tá dul chun cinn suntasach déanta ar fud neart téamaí ó 2020 i leith, go háirithe i gcaomhnú bithéagsúlachta, cosaint bogach, Pleananna Bainistíochta Caomhnaithe, agus oibreacha caipitil ar reiligi agus séipéil stairiúla agus suirbhéanna oidhreachta chomh maith le foilseacháin agus podchraoltaí oidhreachta a dhéanamh.

Neartaigh ceapachán rathúil Fhoireann Gníomhaíochta Aeráide agus Oifigeach Bithéagsúlachta in 2023 saineolas Chomhairle Contae Mhuineacháin go suntasach maidir le cosaint agus bainistíocht oidhreachta agus maolú agus oiriúnú don athrú aeráide. Cuirfidh tionscadal an Chreata Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil (LBAF), ar cuireadh tús leis i samhradh na bliana 2025, measúnú cuimsitheach dhá bhliain ar shócmhainní bithéagsúlachta an chontae ar fáil.

Maidir leis an oidhrecht thógtha, is féidir aghaidh a thabhairt anois ar bhearna chriticiúil acmhainne toisc go bhfuil maoiniú páirteach faighte ag Comhairle Contae Mhuineacháin d'Oifigeach Caomhnaithe Ailtireachta, rud a chuirfidh ar chumas dul chun cinn breise a dhéanamh maidir le cuspóirí agus gníomhartha sa straitéis seo a bhaineann le hoidhrecht thógtha a bhaint amach. Tá moltaí i bPlean Forbartha Contae Mhuineacháin 2025-2031 maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar Thaifead na Struchtúr Faoi Chosaint chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar Limistéir Caomhantais Ailtireachta sa Chontae.

Tá caidrimh láidre thras-dlínse i ndiaidh forbairt le comhairlí i dTuaisceart Éireann agus tacaíonn ceardlanna trasteorann agus imeachtaí poiblí le rannpháirtíocht an phobail.

D'éirigh go han-mhaith le rannpháirtíocht an phobail i gcás an scannáin "Draíocht faoi Mhuineachán" (*Magic under Monaghan*), ceiliúradh bliantúil Lá Domhanda na mBogach, foilsíú Lámhleabhar na mBogach do Thosaitheoirí, agus bunú Ghradam Cuimhneacháin Fearghal Duffy a thugann aitheantas do chláraitheoirí bithéagsúlachta den scoth. Leanann tógáil acmhainne ar aghaidh trí cheardlanna ialtóg agus beach agus bunú Grúpa Ialtóg áitiúil.

I measc na dtionscnamh rathúil eile a bhain le bithéagsúlacht bhí ceardlanna praiticiúla ar chur agus

leagan fála sceach traidisiúnta, a d'aistrigh scileanna go rathúil chuig úinéirí talún agus sraith an phodchraolta Heritage at the Heart agus scannáin Mart TV a chuir tábhacht tírdhreacha fála sceach in iúl. B'éacht tábhachtach é foilsíú an leabhair Flora of Monaghan ina ndoiciméadaítear breis is 1200 speiceas plandaí agus ina leagtar béim ar bhitheagsúlacht shaibhir an chontae.

Maidir le seandálaíocht an chontae, b'éacht suntasach foilsíú Materialising Power - *The Archaeology of the Black Pig's Dyke*, rud a chruthaigh taifead taighde buan don láithreán. Ó bunaíodh é in 2020, tá maoiniú faighte ag Séadchomharthaí Pobail ón tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta, ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le haghaidh oibreacha caomhnaithe ag Mainistir Chill Laobháin, Seaneaglais Aireagail, seanreilig Thigh Damhnata, agus Tobar Naofa Naomh Pádraig, Cluain Fada agus tá Pleananna Bainistíochta Caomhnaithe curtha i gcrích do go leor de na heaglaisí agus na reiligi stairiúla atá faoi úinéireacht na comhairle.

Tá líonra na reiligi stairiúla ag éirí níos láidre agus níos ceangailte trí thionscnaimh amhail suirbhéireacht agus taifeadadh digiteach agus ceardlanna cúraim agus caomhnaithe chomh maith le siúlóidí agus cainteanna Sheachtain na hOidhreachta agus tá spéis mhór áitiúil i reiligi ré an Ghorta Mhoir. Tá dul chun cinn déanta i dtaighde agus i dtuiscint ar na láithreáin seo, lena n-áirítear suirbhéanna dróin agus LiDAR (teicneolaíocht chianbhraiteach) ar Acra an Bhulaí i gCarraig Mhachaire Rois agus Mousewood i Muineachán.

Leanann dul chun cinn i dtéarmaí pleanála bainistíochta caomhnaithe do dhiméinte agus d'eastáit tríd an tuarascáil a críochnaíodh roimhe seo do Pháirc Ros Mór agus an Plean Mór atá le teacht i Mucnú, le tuilleadh idirchaidrimh agus comhoibrithe trí chaidrimh fhiúntacha a bunaíodh le húinéirí talún agus le comhghleacaithe sa turasóireacht agus sa phleanáil.

Foilsíodh suirbhé na dtobar beannaithe mar an t-imleabhar is déanaí den tSraith Oidhreachta in 2025, agus leanann tionscadal Ainmneacha na bPáirceanna de bheith ag bailiú agus ag leathnú a chuid iarrachtaí go gníomhach ar fud an chontae. Tacaíodh le taighde ar oidhrecht cheoil trí leabhar a foilsíodh faoi cheol Shliabh Beatha, agus pléann cainteanna Sheachtain na hOidhreachta réimse ábhar eile a bhaineann leis an oidhrecht dholáimhsithe.

“PLÉIMID LE CAOMHNÚ OIDHREACHTA AGUS LE CAOMHNÚ AR N-OIDHREACHTA CULTÚRTHA DOLÁIMHSITHE.”



“Idir fhoilseacháin oidhreachta, phodchraoltaí, imeachtaí agus scannáin agus an pobal ag glacadh céimeanna praiticiúla chun séadchomharthaí áitiúla a chosaint agus a chaomhnú, seo roinnt samplaí de thionscadail a tharla le linn shaolré Phlean Straitéiseach Bithéagsúlachta agus Oidhreachta Mhuineacháin 2020-2025.”

MATERIALISING POWER – THE ARCHAEOLOGY OF THE BLACK PIG’S DYKE



Foilsithe sa bhliain 2021 (maoinithe ag an gComhairle Oidhreachta agus Comhairle Contae Mhuineacháin) cuireann an leabhar seo dearcadh úr ar fáil ar chréfoirt líneacha, séadchomhartha allamuigh réamhstairiúil atá an-spéisiúil ach a ndéantar dearmad air go minic. Tá Cláí na Muice Duibhe i gContae Mhuineacháin ar cheann de na samplaí is mó agus is fearr atá caomhnaithe den chineál séadchomhartha seo san Eoraip. Tá athbhreithniú ar chréfoirt líneacha réamhstairiúla in Éirinn sa leabhar agus tugtar léargas nua ar a gcuspóir agus a ról i bpatrúin lonnaíochta agus i sochaithe réamhstairiúla déanacha.

PODCHRAOLTAÍ - OIÐHREACHT SA CHROÍ

Sa phodchraoladh mórélímh Oidhrecht sa Chroí (atá anois ina shéú sraith), bíonn daoine áitiúla, coimeádaithe agus speisialtóirí oidhreachta mar aíonna, agus bíonn meascán de phlé agus de scéalta á n-insint don éisteoir. Scrúdaíonn an tsraith oidhrecht Mhuineacháin, lena n-áirítear Teach na mBocht Charraig Mhachaire Rois, Muilte an Mhuillin agus Eaglais an tSeanchuaich agus Cláí na Muice Duibhe, tithe dúchasacha, agus feirmeoir a choinníonn bollataigh ar Shliabh Beatha chun cabhrú le caomhnú. Tá agallaimh ann freisin le daoine atá páirteach i gceirdeanna traidisiúnta amhail an Gabha Peter Cassidy, atá ag obair ina cheárta díreach taobh amuigh de bhaile Mhuineacháin. Tá ceol a choimisiúnaigh cumadóir as Muineachán, Michael Gallen, ag gabháil le gach eipeasóid cúig nóiméad déag.

MAGIC UNDER MONAGHAN

Is gearrscannán oideachasúil é Magic Under Monaghan, ina ndéantar taiscéalaíocht ar agus ina dtugtar aird ar thailte móna agus bogaigh Mhuineacháin. Rinneadh an scannán ar an láthair i Sliabh Beatha, an t-aon ghnáthóg ina bhfuil stráice bratphortaigh i Muineachán agus áit a bhfuil speicis neamhchoitianta agus neamhghnácha ina measc, lena n-áirítear Cromán na gCearc agus an Drúchtín a itheann feithidí. Tugann John Sharpson (ar a dtugtar Múinteoir John freisin ó mhol scoileanna RTÉ) lucht féachana óg ar thuras chun an ról atá ag tailte móna agus eanaigh a fhiosrú, ní hamháin mar ghnáthóga, ach i stóráil carbóin agus chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. Maoiníodh an scannán, a leagann béim ar an tábhacht le hathchóiriú tailte móna mar cheann de na réitigh dhúlrahnaithe don ghéarchéim aeráide, trí chlár Éire Ildánach Mhuineacháin, arna léiriú ag Macalla agus faoi stiúir na hOifige Oidhreachta.



AN TSRAITH OIÐHREACHTA

Cuireadh dhá fhoilseachán bhreise ar fáil mar chuid den tsraith oidhreachta faoi Phlean Straitéiseach Bithéagsúlachta agus Oidhreachta Mhuineacháin 2020-2025. Tá an tsraith seo, ina scrúdaítear oidhrecht Mhuineacháin, léirithe agus foilsithe ag an Rannóg Oidhreachta agus maoinithe ag Comhairle Contae Mhuineacháin agus ag an gComhairle Oidhreachta araon.


Is ceiliúradh agus glao chun gnímh araon é an dara himleabhar sa tSraith Oidhreachta, a fhéachann ar Thithe Tuaithe Traidisiúnta Mhuineacháin. Sa leabhar seo, leantar éabhlóid tithe tuaithe ó thithe bóitheach simplí go dtí teachíní fada nó tithe feirme dhá stór. Mínítear gnéithe a bhfuil cuma aisteach orthu anois ach a raibh úsáidí feidhmiúla acu tráth, amhail ballaí ursaine agus fuinneoga spaireachta, mar aon le fuinneoga, doirse agus leaganacha amach tithe ar leith. Tá scéalta spreagúla ann faoi athúsáid agus athchóirithe rathúla, a léiríonn gur féidir le tithe traidisiúnta folmha a bheith ina dtithe beoga, compordacha arís.

Seoladh an tríú himleabhar den tsraith in 2025, ina bpléitear Tobair Bheannaithe Chontae Mhuineacháin, mar thoradh ar shuirbhé ar fud an chontae in 2021. Bhain sé seo le taifeadadh a dhéanamh ar na naoimh, na creidimh agus na cleachtais ghaolmhara, eolas áitiúil, dálaí reatha agus soláthraíodh moltaí.

Monaghan's Traditional Rural Houses

A natural and cultural heritage exploration


VOLUME 2 IN THE COUNTY MONAGHAN HERITAGE SERIES



The Holy Wells of County Monaghan

A natural and cultural heritage exploration

VOLUME 3 IN THE COUNTY MONAGHAN HERITAGE SERIES



GRADAIM NA SEACHTAINE OIÐHREACHTA NÁISIÚNTA - BUAITEOIR IMEACHT NA GAELGE AR THÓIR AIRGÍALLA

In 2024, bhuaigh an Rannóg Oidhreachta, in éineacht le Déaglán Ó Doibhlin (Comhairle Ceantair Lár Uladh) agus Brian Mac Domhnaill (údar agus staraí áitiúil), an duais le haghaidh an imeachta Gaelge is fearr i nGradaim na Seachtaine Oidhreachta Náisiúnta le haghaidh Ar Thóir Airgíalla. Ag teacht le téama Sheachtain na hOidhreachta 2024, Naisc, Líonraí agus Bealaí, b'imeacht trasteorann, dátheangach é seo a rinne iniúchadh ar láithreáin seandálaíochta, teorainneacha agus tírdhreacha a bhaineann le ríocht ársa Airgíalla a shíneann thar chodanna de chontaetha Thír Eoghain, Mhuineacháin agus Ard Mhacha an lae inniu.



CISTE NA SÉADCHOMHARTHAÍ POBAIL, TIONSCADAIL MHUINEACHÁIN



Bunaíodh Ciste na Séadchomharthaí Pobail (CMF) ag an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta in 2020 agus tá sé mar aidhm aige séadchomharthaí seandálaíochta áitiúla agus láithreáin stairiúla a chaomhnú, a chothabháil, a chosaint agus a chur chun cinn. Sa bhliain 2025, bronnadh maoiniú breise ar Chomhairle Contae Mhuineacháin faoin gCiste Séadchomharthaí Pobail le haghaidh oibreacha athchóirithe ag Eaglais Naomh Laobháin, Mainistir Chill Laobháin, rud lig don Chomhairle coimisiún a dhéanamh ar thuarascáil chuimsitheach crann-eolaí chun measúnú a dhéanamh ar riocht na gcrann ar an talamh, obair chothabhála crann, agus deisiúcháin a dhéanamh ar chuid den bhalla teorann a raibh damáiste déanta dó.



TOBAR BEANNAITHE NAOMH PÁDRAIG

Thacaigh an Rannóg Oidhreachta freisin le Grúpa Oidhreachta Chill Laobháin ina n-iarratas rathúil ar mhaoiniú chun Tobar Beannaithe Naomh Pádraig i gCluain Fada in aice le hAchadh na hAbhla a fheabhsú. Rinne an tionscadal rochtain phoiblí ar an tobar a athbhunú agus forbraíodh ábhair léirmhínthe iomchuí chun oiliúint a chur ar chuairoteoirí maidir leis an tábhacht stairiúil a bhaineann leis. Bhí comhoibriú agus dea-thoil úinéir na talún rithábhachtach chun an tionscadal seo a bhaint amach.



SEANEAGLAIS AIREAGAIL AGUS CAOMHNÚ REILIG THIGH DAMHNATA

Bronnadh maoiniú ar Rannóg Oidhreachta Chomhairle Contae Mhuineacháin sa bhliain 2025 chun Plean Bainistíochta Caomhnaithe a fhorbairt do reilig Thigh Damhnata agus chun leanúint leis na hoibreacha athchóirithe ag reilig Sheaneaglais Aireagail. Is láithreán eaglaise luath-mheánaoiseach tábhachtach í reilig Seaneaglais Aireagail agus tá leas mór bainte aici as Ciste na Séadchomharthaí Pobail, rud a chuir ar chumas caomhnú ballaí gabhála ina seasamh agus baint fásra iomarcach ó imfháluithe adhlactha Singleton agus Anketell.



“Tá dianiarracht chun ár n-oidhreacht a chaomhnú ina nasc tábhachtach lenár leagáidí cultúrtha, oideachais, aeistéitiúla, spreagúla agus eacnamaíocha – na nithe uile as a bhfuil ár bhféiniúlacht féin comhdhéanta.” Steve Berry

Forbhreathnú ar chomhthéacs beartais do Straitéis Oidhreacht Chontae Mhuineacháin 2026-2031.

Tá Straitéis Oidhreacht Chontae Mhuineacháin 2026-2031 faoi thionchar réimse beartas a bhaineann le hoidhreacht, pleanáil agus forbairt, bithéagsúlacht agus athrú aeráide ar leibhéal idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúil, nó tá sí ailínithe leis na bearta sin (*Féach Aguisín 3 le haghaidh sonraí faoi na príomhbheartais*).

Ar leibhéal an Chontae, soláthraíonn Plean Forbartha Contae Mhuineacháin 2025-2031 straitéis iomlán maidir le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe. Aithnítear sa Phlean tábhacht ár n-oidhreacht a dtéarmaí cruthú áite agus an phobail, oiriúnú agus maolú aeráide, agus an geilleagar agus an turasóireacht. Tacaíonn beartais agus pleananna eile de chuid Chomhairle Contae Mhuineacháin i réimsí na hathghiniúna, na turasóireachta, an chultúir agus na cruthaitheachta, na n-ealaíon, na haeraíochta, na leabharlann agus Mhúsaem an Chontae le cosaint, ceiliúradh agus cur chun cinn na hoidhreacht agus rannpháirtíocht an phobail ina leith seo.

Ar an leibhéal náisiúnta, is píosa reachtaíochta rithabhachtach é an tAcht Oidhreacht, 1995, lena gcuirtear chun cinn speis an phobail san oidhreacht agus eolas, mar aon le meas agus cosaint na hoidhreacht céanna. I measc na mbeartas náisiúnta eile a mbíonn tionchar acu ar an gcaoi a gcosnaímid agus a mbainistimid ár n-oidhreacht tá Oidhreacht Éireann 2030 agus Ár nÁit san Am - Plean Straitéiseach Chomhairle na hOidhreacht 2023-2028. Cuireann na beartais seo creat ar fáil chun oidhreacht na hÉireann a chosaint, a chaomhnú, a chur chun cinn agus a bhainistiú. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, is glao práinneach ar ghníomhaíocht ó gach tír i gcomhpháirtíocht dhomhanda iad Spriocanna Forbartha Inbhuanaitheachta (SFIanna) na Náisiún



<https://www.un.org/sustainabledevelopment> ¹

Aontaithe chun go nglacfaidh gach tír páirt i gcomhpháirtíocht dhomhanda chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht, an pláinéad a chosaint agus bogadh i dtreo ratha do chách faoi 2030. D'fhoilsigh an Chomhairle Idirnáisiúnta um Shéadchomharthaí agus Láithreáin (ICOMOS) polasaí maidir le cumhacht na hoidhreacht a úsáid chun dlús a chur le baint amach na SFIanna. Tá cailliúint na bithéagsúlachta ina cúis imní mhór ar fud an domhain agus tá sé mar aidhm ag réimse beartas agus uirlisí reachtacha aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist. Ceanglaítear ar Éirinn faoi Threoracha an AE maidir le hÉin agus Gnáthóga limistéir chun éin a chosaint agus príomhlímistéir chun fiadhúlra a chaomhnú a ainmniú. Ar leibhéal náisiúnta, déanann an ceathrú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2023-2031 iarracht cur chuige “uile-rialtas, uile-shochaí” a bhaint amach maidir le rialachas agus caomhnú na bithéagsúlachta. Bíonn tionchar ag beartais agus reachtaíocht eile amhail an Plean Uile-Éireann um Pailneoirí agus an tAcht um Fhiadhúlra ar an gcur chuige maidir le cosaint na bithéagsúlachta freisin. Ar leibhéal an chontae, leagann an Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil amach gníomhartha chun bithéagsúlacht a chosaint, a athbhunú agus a fheabhsú ar fud Chontae Mhuineacháin suas go dtí 2030.

Tá géarchéim na haeráide ag dul i bhfeidhm ar bheartas ar gach leibhéal agus muid ag iarraidh aistriú go geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, saibhir ó thaobh bithéagsúlachta de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus neodrach ó thaobh na haeráide de. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, is páirtí í Éire i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC). Tagann Comhdháil na bPáirtithe (COP) le chéile gach bliain chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis an gcuspóir seo a bhaint amach. Ar leibhéal náisiúnta, sa Phlean um Ghníomhú ar Son ar hAeráide, a fhoilsítear gach bliain, leagtar amach conas a bhainfidh amach ár spriocanna náisiúnta maidir le laghdúithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus méadú ar éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2050. Aistrítear seachadadh spriocanna náisiúnta astaíochtaí ar leibhéal an chontae i bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chontae Mhuineacháin 2024-2029.

MISEAN

Oidhreacht shaibhir nádúrtha, thógtha agus chultúrtha Mhuineacháin a chosaint, a cheiliúradh agus a bhainistiú go hinbhuanaithe trí chomhoibriú, comhroinnt eolais agus rannpháirtíocht an phobail, lena chinntiú go n-éireoidh léi don ghlúin seo agus do na glúnta amach romhainn.

FÍS

Contae ina bhfuil luach ar an oidhreacht mar bhunchloch aitheantais, folláine agus forbartha inbhuanaithe - lena gceanglaítear daoine le háit, lena spreagtar cruthaitheacht agus lena gcothaítear athléimneacht i gcomhthéacs an athraithe comhshaoil agus shóisialta.

TÉAMAÍ STRAITÉISEACHA

1
COSAINT AGUS SEASAMH AR SON NA HOIDHREACHTA
Ceannaireacht a dhéanamh ar chaomhnú agus ar bhainistiú inbhuanaithe shócmhainní oidhreacht Mhuineacháin, agus breithnithe oidhreacht a chomhtháthú i bpleanáil, i mbeartas agus i gcinnteoireacht.

2
EOLAS A NEARTÚ
Taighde, bailiú sonraí agus léirmhíniú a neartú chun cinnti atá bunaithe ar fhianaise a threorú agus eolas oidhreacht a dhéanamh inrochtana do chách.

3
POBAIL A CHUMHACHTÚ
Rannpháirtíocht chuimsitheach le hoidhreacht a chumasú trí oideachas, imeachtaí, eolaíocht saoránach, agus tacaíocht do thionscnaimh mhaoirseachta áitiúla.

4
COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ A CHOTHÚ
Comhoibriú láidir a neartú i measc páirtithe leasmhara áitiúla, náisiúnta agus trasteorann chun cosaint, cur chun cinn agus nuálaíocht oidhreacht a fheabhsú.

5
SEASMHACHT AERÁIDE A NEARTÚ
Réitigh dhúlraibhuanaithe agus cleachtas inbhuanaithe a chomhtháthú i mbainistíocht oidhreacht chun tionchair aeráide a mhaolú agus an bhithéagsúlacht a chosaint.

¹ Níl ábhar an fhoilseacháin seo ceadaithe ag na Náisiúin Aontaithe agus ní léiríonn sé tuairimí na Náisiún Aontaithe ná oifigigh agus Ballstáit na Náisiún Aontaithe.

1 COSAINT AGUS SEASAMH AR SON NA HOIDHREACHTA

Beimid i gceannas ar bhainistiú agus ar chosaint oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta, chultúrtha agus nádúrtha Mhuineacháin trí acmhainn a neartú, oibriú ar fud na Comhairle chun bainistíocht éifeachtach na hoidhreacht a chomhtháthú i mbeartas, dea-chleachtas a ghlacadh agus a chur chun cinn agus seasamh ar son na hoidhreacht a chur san áireamh go hiomlán i bpróisis chinnteoireachta.

TOSAÍOCHTAÍ	TORTHAÍ
Neartú a dhéanamh ar acmhainn chun freastal ar an éileamh méadaitheach ar sheirbhísí oidhreacht trí acmhainní agus foireann bhreise a fháil chun comhlíontacht níos láidre le reachtaíocht agus beartas a chumasú agus chun cur i bhfeidhm éifeachtach Straitéis Oidhreacht an Chontae a chumasú.	<i>Cumas leathnaithe agus seachadadh feabhsaithe seirbhísí oidhreacht .</i>
Breithnithe oidhreacht a chomhtháthú i bpleanáil agus i gcinnteoireacht bheartais trí chomhoibriú idir Ranna na Comhairle chun sócmhainní a chosaint, a bhainistiú agus a chur chun cinn.	<i>Léirítear an beartas oidhreacht i ngach clár agus plean de chuid na Comhairle.</i>
Foinsí maoinithe eile agus sruthanna maoinithe éagsúla a fhiosrú chun oidhreacht Mhuineacháin a chosaint, a léirmhíniú, a bhainistiú go hinbhuanaithe, agus rochtain a fháil uirthi agus a bheith rannpháirteach inti.	<i>Níos mó acmhainní chun freastal ar an éileamh.</i>
Comhoibriú le húinéirí agus caomhnóirí chun séadchomharthaí seandálaíochta a chaomhnú tríd an gCiste Séadchomharthaí Pobail.	<i>Cosnaíonn comhpháirtíochtaí pobail séadchomharthaí seandálaíochta, rud a chuireann feabhas ar a riocht agus a chosnaíonn san fhadtéarma iad.</i>
Pleananna Bainistíochta Caomhnaithe a chur chun cinn mar dhea-chleachtas chun láithreáin shuntasacha a chosaint agus a bhainistiú go hinbhuanaithe. Oibreacha atá molta i bPleananna Bainistíochta Caomhnaithe atá ann cheana a bhailiú agus tús áite a thabhairt dóibh, e.g. reiligi stairiúla.	<i>Cosaint fheabhsaithe agus bainistíocht inbhuanaithe ar láithreáin oidhreacht shuntasacha.</i>
Oibriú i gcomhar leis an Roinn Pleanála, na Ceantair Bhardasacha, an Fhoireann Athghiniúna agus an tOifigeach Caomhnaithe Ailtireachta, chun tacú le hathghiniúint bailte agus sráidbhailte, athghiniúint atá faoi stiúir na hoidhreacht .	<i>Sráid-dreacha stairiúla a athbheochan.</i>
Glacadh le bearta chun athúsáid inbhuanaithe foirgneamh stairiúil inár mbailte agus inár dtírdhreach tuaithe a chur chun cinn agus a léiriú, e.g. tríd an Tionscnaimh Bailte Stairiúla ² , an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte ³ agus an Scéim, Croí na Cónaithe ⁴ .	<i>Foirgnimh stairiúla i mbailte agus ceantair thuaithe a athúsáid go hinbhuanaithe.</i>
Dea-chleachtas i scileanna traidisiúnta a chur chun cinn agus uasoiiliúint coimeádaithe agus iad siúd atá ag obair san earnáil tógála a spreagadh chun oibreacha deisiúcháin oiriúnacha agus íogaire a dhéanamh ar fhoirgnimh stairiúla e.g., tríd an Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha ⁵ .	<i>Infhaighteacht agus cur i bhfeidhm scileanna traidisiúnta a mhéadú, rud a chuirfidh ar chumas deisiú íogair agus iomchuí a dhéanamh ar fhoirgnimh stairiúla.</i>
Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint, a athchóiriú agus a neartú i Muineachán trí bheartas éifeachtach, bainistíocht talún, agus caomhnú faoi stiúir an phobail.	<i>Bithéagsúlacht fheabhsaithe agus éiceachórais níos sláintiúla ar fud Mhuineacháin.</i>
Tá Comhairle Contae Mhuineacháin le dul ar thús cadhnaíochta trí bhithéagsúlacht a phríomhshruthú ina bearta agus straitéisí, le cinntiú go bhfuil an bhithéagsúlacht i gcroílár na cinnteoireachta, an bhainistithe talún agus na hiarrachtaí rannpháirtíochta pobail go léir.	<i>Bithéagsúlacht atá comhtháite i ngach beartas de chuid na Comhairle a chuireann bainistíocht inbhuanaithe talún chun cinn.</i>
Deiseanna a chuardach chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus san áireamh in imeachtaí, acmhainní nó tionscadail oidhreacht .	<i>An Ghaeilge a chomhtháthú in imeachtaí, acmhainní agus tionscadail oidhreacht chun féiniúlacht chultúrtha a neartú.</i>

2 EOLAS A NEARTÚ

Le heolas reatha, cruinn agus cuimsitheach ar riocht agus ar thábhacht shócmhainní oidhreacht an Chontae, éascaítear cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise a dhéanamh agus tacaítear le habhcóideacht ar son bainistíochta agus cosanta cuí. Oibreoimid i gcomhar le páirtithe leasmhara chun taighde agus sonraí ar oidhreacht a nuashonrú, a leathnú agus a roinnt chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí eolais, agus rochtain ar eolas oidhreacht don phobal a fheabhsú ag an am céanna.

TOSAÍOCHTAÍ	TORTHAÍ
Triail a bhaint as oibriú i gcomhpháirtíocht le hinstitiúidí tríú leibhéal chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí taighde agus eolais a sainaithníodh e.g. OCBÁC le haghaidh taighde agus bailiú ainmneacha de pháirceanna. Leanúint ar aghaidh le leathnú Thionscadal Ainmneacha Páirceanna Mhuineacháin go dtí an chuid eile den chontae agus snáitheanna nua a fhorbairt amhail tionscadal na scoileanna agus obair chun na torthaí a fhoilsiú. Cur chuige córasach a fhorbairt maidir le bailiú béaloidis, traidisiún, leigheasanna agus teanga dhúchais agus tagairt á déanamh do bhailliúchán náisiúnta béaloidis Dúchas COBÁC mar dhea-chleachtas. Iniúchadh a dhéanamh ar bhailliúcháin stairsheanchais agus bhéaloidis sa chontae.	<i>Eolas neartaithe ar oidhreacht áitiúil.</i>
Leas a bhaint as na deiseanna a chuireann an teicneolaíocht dhigiteach ar fáil chun taighde agus eolas agus faisnéis oidhreacht a roinnt ar bhonn níos forleithne e.g. forbairt mapaí scéala do láithreáin stairiúla, amhail reiligi stairiúla.	<i>Leathnaíonn uirlisí digiteacha rochtain ar eolas oidhreacht .</i>
Suirbhéanna téamacha a shainaithint agus a dhéanamh atá dírithe ar bhearnaí eolais a réiteach i gcás cineálacha sonracha láithreán seandálaíochta amhail crannóga, cillíní, agus gnéithe stairiúla nach bhfuil chomh cáiliúil céanna amhail poill líon, coraí eascann, tithe allais, bonneagar teorann etc.	<i>Taifeadadh agusfeasacht fheabhsaithe ar struchtúir agus séadchomharthaí uathúla.</i>
Tacú le hathbhreithniú, cothabháil agus nuashonrú Thaifead na Struchtúr faoi Chosaint sa chontae i gcomhairle le Fardal Náisiúnta na hOidhreacht Ailtireachta. Tacú le hathbhreithniú agus nuashonrú ar Limistéir Caomhantais Ailtireachta laistigh den Chontae. Agus oibriú i dtreo pailéid dearaidh réimse phoiblí atá comhsheasmhach agus báuil a fhorbairt do bhailte Mhuineacháin.	<i>Tacaíonn sonraí cruinne, cothrom le dáta, le bearta cosanta éifeachtacha.</i>
Doiciméad treorach maidir le hAghaidheanna Siopaí Stairiúla Mhuineacháin a fhorbairt i gcomhar leis an Oifigeach Caomhnaithe Ailtireachta.	<i>Tacaíonn sé le hathchóiriú íogair agus caomhnaíonn sé carachtar an tsráid-dreacha.</i>
An stór eolais a neartú maidir le caomhnú, bainistiú agus úsáid inbhuanaithe bithéagsúlachta i Muineachán trí iniúchadh cuimsitheach bithéagsúlachta a dhéanamh, ag sainaithint, ag taifeadadh agus ag mapáil réimse iomlán na speiceas, na ngnáthóg agus na n-éiceachóras atá i Muineachán, lena n-áirítear iad siúd atá i mbaol nó nach bhfuil tuiscint mhaith orthu.	<i>Cuireann sonraí éiceolaíocha eolas ar fáil do chinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise.</i>
Cinntigh go gcuirtear aon sonraí a bhailítear ar fáil don Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta (sonraí bithéagsúlachta) agus don Chomhairle Oidhreacht go díreach (sonraí nach sonraí bithéagsúlachta iad).	<i>Tacaíonn taifid chomhtháite agus cothrom le dáta le cuspóirí náisiúnta.</i>

² Tá sé mar aidhm ag Tionscnaimh na mBailte Stairiúla tacaíocht a thabhairt do bhailte stairiúla atá páirteach i gclár athghiniúna atá faoi stiúir na hoidhreacht agus tá sé á oibriú ag an gComhairle. Oidhreacht i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht .

³ Dearadh an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhaile chun tacaíocht a thabhairt d'athnuachan cheantair thuaithe na hÉireann, agus dírtear ar bheocht eacnamaíoch agus shóisialta agus ar athchóiriú lár na mbailte i gcomhréir leis an mbeartas, Lár Bailte ar dtús.

⁴ Is deontas athchóirithe maoin foimhe í Scéim na gCroí Cónaithe (Cathracha) chun maoin foimha a thabhairt ar ais lena n-úsáid go cónaitheach.

⁵ Tá an Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha (BHIS) ann chun struchtúir atá faoi chosaint faoi na hAchtanna Pleanála agus Forbartha a dheisiú agus a chaomhnú agus chun tacú le fostú gairmithe caomhantais, ceardaithe agus daoine ceirde oile a bhfuil taithí acu timpeallacht thógtha stairiúil a dheisiú.

3 POBAIL A CHUMHACHTÚ

Tá pobal Mhuineacháin ag croílár oidhreacht chultúrtha an Chontae agus tá ról ríthábhachtach le himirt aige maidir le bithéagsúlacht agus oidhreacht thógtha a chosaint. Cuirfimid deiseanna ar fáil agus chun cinn don phobal ar fad chun páirt a ghlacadh san oidhreacht timpeall orainn, foghlaim fúithi, ceiliúradh a dhéanamh uirthi agus í a chosaint. Cothóimid feasacht agus maoirseacht faoi stiúir an phobail, trí imeachtaí ábhartha agus tarraingteacha, líonraí, tionscadail eolaíochta saoránach, treoir agus comhairle maidir leis an dea-chleachtas, deiseanna oiliúna agus maoinithe, agus rochtain fheabhsaithe ar shócmhainní agus ar fhaisnéis oidhreachta.

TOSAÍOCHTAÍ	TORTHAÍ
Tacú le clár imeachtaí éagsúil, cuimsitheach ar fud an chontae atá oscailte do chách, do Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta, Seachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta agus scoileanna a spreagadh chun leas a bhaint as an Scéim Oidhreachta i Scoileanna ⁶ .	<i>Pobail agus scoláirí a bhfuil baint acu le hoidhreacht agus bithéagsúlacht.</i>
Spreag agus tacú le maoirseacht oidhreachta ag an bpobal agus ag úinéirí talún ar an leibhéal áitiúil trí rannpháirtíocht i scéimeanna amhail Uchtáil Séadchomhartha ⁷ , Ciste na Séadchomharthaí Pobail ⁸ agus Scéim Deontas Oidhreachta Pobail ⁹ .	<i>Freagracht chomhroinnte as caomhnú agus cosaint fhadtéarmach sócmhainní oidhreachta áitiúla.</i>
Tacar uirlisí a fhorbairt le treoir agus trealamh chun tionscadail eolaíochta saoránach a éascú maidir le taifeadadh, mapáil agus digitíú oidhreachta e.g., reiligi stairiúla.	<i>Pobail atá feistithe leis na scileanna agus na hacmhainní chun tionscnaimh oidhreachta a threorú.</i>
Bearta a chur chun cinn a thacaíonn le húinéirí chun foirgnimh dhúchasacha agus thraidisiúnta a chosaint agus dea-chleachtas a ghlacadh i gcaomhnú agus i gcothabháil.	<i>Caillteanas foirgneamh traidisiúnta agus fabraic stairiúil a aisiompú.</i>
Tionscnaimh a fheabhsaíonn rochtain fhisiciúil, dhigiteach agus fhíorúil ar láithreáin oidhreachta Mhuineacháin a fhiosrú agus tacú leo.	<i>Rochtain fheabhsaithe agus ionchuimsitheach ar láithreáin oidhreachta.</i>
Feasacht a mhúscailt maidir le rochtain ar chartlanna staire áitiúla don phobal agus tacú leis an rochtain chéanna.	<i>Deiseanna taighde níos fearr agus eolas méadaithe ar an am atá thart.</i>
Feasacht agus meas ar oidhreacht gheolaíoch an Chontae agus Láithreáin Gheolaíocha an Chontae a chur chun cinn trí imeachtaí, cainteanna nó turais threoraithe Sheachtain na hOidhreachta ina leagtar béim ar ghnéithe tábhachtacha e.g., moiréin easnacha dhroimníneacha agus córais uaimheanna.	<i>Feasacht ar gheolaíocht uathúil Mhuineacháin a ardú.</i>
Tacú le rannpháirtíocht ionchuimsitheach an phobail san oidhreacht áitiúil trí chruthaitheacht a úsáid mar ghríosú chun aird a tharraingt ar an stair shóisialta, ról na mban, an cheardaíocht thraidisiúnta, an Ghaeilge, an ceol, an béaloideas agus ar oidhreacht thionsclaíoch, liteartha agus ealaíonta an chontae agus chun iad a cheiliúradh.	<i>Baill den phobal nach bhfreastalaítear orthu go leor a bheith rannpháirteach.</i>
Daoine a cheangal daoine leis an dúlra trí chumhacht a thabhairt do phobail i Muineachán a bheith ina gcosantóirí trí fheasacht mhéadaithe, rannpháirtíocht agus léirthuisint ar an mbithéagsúlacht e.g, spásanna glasa agus gairdíní pobail a fhorbairt, feasacht, oideachas, eispéiris lasmuigh, agus rannpháirtíocht ghníomhach in iarrachtaí caomhnaithe.	<i>Rannpháirtíocht ghníomhach agus úinéireacht ar thorthaí.</i>

⁶ Cuireann Scéim Oidhreachta i Scoileanna na Comhairle Oidhreachta painéal de 160 Speisialtóirí Oidhreachta ar fáil a thugann cuairt ar bhunscoileanna go pearsanta agus go fíorúil ar fud na tíre. Tá an chuairt páirtmhaoinithe ag an scoil agus ag an gComhairle Oidhreachta araon.

⁷ Cuidíonn an scéim 'Uchtáigh Séadchomhartha' de chuid na Comhairle Oidhreachta le pobail a bheith páirteach go gníomhach i gcaomhnú agus i léirmhíniú a láithreán oidhreachta seandálaíochta agus cultúrtha áitiúla.

⁸ Bunaíodh Ciste na Séadchomharthaí Pobail (CMF) ag an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta in 2020 agus tá sé mar aidhm aige séadchomharthaí seandálaíochta áitiúla agus láithreáin stairiúla a chaomhnú, a chothabháil, a chosaint agus a chur chun cinn.

⁹ Is scéim deontas bhliantúil í Scéim Deontas Oidhreachta Pobail na Comhairle Oidhreachta do ghrúpaí pobail agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha seachbhrabúsacha ar fud na tíre le haghaidh tionscadail oidhreachta.

4 COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ A CHOTHÚ

Oibreoidimid i gcomhar le páirtithe leasmhara sna hearnálacha poiblí, príobháideacha agus pobail ar leibhéil áitiúla, náisiúnta agus trasteorann chun cosaint, bainistíocht, taighde agus cur chun cinn níos éifeachtaí na hoidhreachta a chumasú.

TOSAÍOCHTAÍ	TORTHAÍ
Naisc trasteorann a chothabháil agus a fhorbairt tuilleadh le gníomhaireachtaí ábhartha, údaráis áitiúla agus pobail chun tacú le tionscnaimh oidhreachta e.g. trí mhaoiniú an Oileáin Chomhroinnte - Áit Bhaile Chomhroinnte.	<i>Tionscnaimh oidhreachta trasteorann chomhpháirteacha idir údaráis áitiúla agus pobail.</i>
Comhpháirtíochtaí láidre a chothú le páirtithe leasmhara ar leibhéil áitiúla agus náisiúnta ar fud na n-earnálacha poiblí, príobháideacha agus pobail chun caomhnú agus cur chun cinn na hoidhreachta a chur chun cinn trí shaineolas comhroinnte, comhoibriú agus tionscnaimh nuálacha.	<i>Comhoibriú as a n-eascaíonn torthaí níos fearr maidir le cosaint na hoidhreachta, rochtain uirthi agus rannpháirtíocht inti.</i>
Comhoibriú idir ranna na comhairle, lena n-áirítear músaeim, leabharlanna, ealaíona, turasóireacht, athghiniúint, aeráid, bithéagsúlacht, agus seirbhísí comhshaoil chun tionscnaimh chomhtháite oidhreachta a sheachadadh. Comhpháirtíochtaí a chothú a fheabhsaíonn caomhnú cultúrtha, a chuireann inbhuanaitheacht chun cinn, agus a thacaíonn le rannpháirtíocht phobail e.g. an tionscadal Seandálaíochta Pobail leis an Músaem.	<i>Nearthaíonn comhpháirtíochtaí comhoibríocha acmhainní agus saineolas, rud a fhágann go mbíonn líon níos mó de thionscnaimh oidhreachta ann lena mbaineann tionchar níos mó.</i>
Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara a éascú agus a neartú chun a chinntiú go ndéantar cosaint na bithéagsúlachta a chomhtháthú i ngach earnáil, ón talmhaíocht agus an fhoraoiseacht go dtí an phleanáil uirbeach agus an turasóireacht trí chomhoibriú agus comhroinnt eolais a chumasú.	<i>Tá cosaint na bithéagsúlachta leabaithe ar fud earnálacha tábhachtacha.</i>
Oibrigh le páirtithe leasmhara a mbíonn baint acu le daoine faoi mhíbhuntáiste amhail an óige, scoileanna, grúpaí pobail agus seirbhísí cultúrtha chun eispéiris oidhreachta bhríocha a chomhchruthú.	<i>Rannpháirtíocht agus ionadaíocht mhéadaithe i dtionscnaimh oidhreachta.</i>



5 SEASMHACHT AERÁIDE A NEARTÚ

Is dúshlán mhóra ar fud an domhain iad an t-athrú aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta. Chun cur le seasmhacht aeráide, oibreoimid chun measúnú a dhéanamh ar an riosca do shócmhainní oidhreacht agus do bithéagsúlacht an Chontae de bharr an athraithe aeráide. Cuirfimid réitigh dhúlra bhunaithe, cleachtais inbhuanaithe agus éifeachtúlacht fuinnimh chun cinn chun an tionchar a mhaolú agus chun tacú leis an oiriúnú. Le rannpháirtíocht phobail trí eolaíocht saoránach agus obair dheonach, cuirfear béim ar an nasc idir an aeráid agus caomhnú an dúlra.

TOSAÍOCHTAÍ	TORTHAÍ
Roghanna a fhiosrú chun measúnú leochaileachta aeráide a mhaoiniú do phríomhláithreáin oidhreacht tógtha atá faoi úinéireacht na Comhairle.	Straitéisí caomhnaithe agus oiriúnaithe eolasacha amach anseo.
Inbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn ag imeachtaí oidhreacht chun an tionchar ar an gcomhshaol a laghdú agus dea-chleachtas a spreagadh.	Tionchar ar an gcomhshaol a laghdú agus feachtas an phobail agus a mhéadú.
Comhairle agus treoir a chur ar fáil maidir leis an dea-chleachtas chun éifeachtúlacht fuinnimh na maoine oidhreacht, na bhfoirgneamh dúchasach agus na struchtúr faoi chosaint atá faoi úinéireacht phríobháideach a fheabhsú.	Éifeachtúlacht fuinnimh fheabhsaithe gan baint den luach oidhreacht.
Réitigh dhúlra bhunaithe a chur chun cinn maidir le bainistíocht aeráide agus uisce. Cuir chuige atá neamhdhíobhálach don bithéagsúlacht a chur i bhfeidhm ar mhaolú tuilte, ar cheapadh carbóin agus ar iarrachtaí chun cáilíocht uisce a fheabhsú.	Bíonn cleachtais atá feachtas ar an mbithéagsúlacht agus atá bunaithe ar an dúlra ina gcaighdeán d'iarrachtaí athléimneachta agus inbhuanaitheachta aeráide.
Rannpháirtíocht phraiticiúil a chur chun cinn trí eolaíocht saoránach agus obair dheonach chun béim a leagan ar an nasc idir an aeráid agus caomhnú an dúlra. Rannpháirtíocht an phobail a spreagadh i suirbhéanna bithéagsúlachta, in athchóiriú gnáthóg agus i dtionscadail chaomhnaithe.	Braistint úinéireachta agus maoirseachta gníomhaí a chothú i measc an phobail.



Aguisín 1.
Rannpháirtithe sa Phróiseas Comhairliúcháin

Míle buíochas le gach duine a ghlac páirt sa chomhairliúchán réamhdhréachta nó a rinne aighneacht mar fhreagairt ar an dréachtstraitéis.

- Grúpa Oidhreacht na Coirre Duibhe
- Cumann Staire Thigh Damhnata
- Grúpa Oidhreacht Chill Laobháin
- Foireann Bhaile na Bothaí
- Grúpa Fiontair agus Forbartha Inis Caoin
- Cumann Seanchais Chlochair
- Arm Yarney (Leabharlann Mhuineacháin)
- Bailte Slachtmhara Scairbh na gCaorach
- John Doran

- Nelius Flynn
- Iascaigh Intíre na hÉireann
- An Chomhairle Oidhreacht
- Grúpa Forbartha Phobal Loch Éigis
- Cairde an tSean Dhomhnaigh
- Jack Tenison
- Paul McGlade
- Muineacháin le Gaeilge
- Ethne McCord
- Gerry Hand
- Johnny McConnell

Buíochas freisin le Sinéad Begley, ó Sinéad Begley & Associates, as a cuid ranníocaíochta leis an gcomhairliúchán agus le forbairt na straitéise seo.

Aguisín 2.
Baill d'Fhóram Oidhreacht Chontae Mhuineacháin 2024 – 2025

Gabhaimid buíochas le John Keenan, atá ar shlí na firinne, a maireann a chúnamh luachmhar lenár gcuid oibre oidhreacht.

- Kevin Mulligan (Cathaoirleach), Staraí Ailtireachta
- Clr. Bronagh McAree, Comhairle Contae Mhuineacháin
- Clr. Sean Conlon, Comhairle Contae Mhuineacháin
- Clr. Peter Conlon, Comhairle Contae Mhuineacháin
- Clr. Seamus Coyle, Comhairle Contae Mhuineacháin
- Kara Ward, Oifigeach Oidhreacht, Comhairle Contae Mhuineacháin
- Patricia McCreesh, Oifigeach Bithéagsúlachta, Comhairle Contae Mhuineacháin
- Liam Bradley, Coimeádaí, Músaem Chontae Mhuineacháin
- Anne Corley, Cassandra Hand Folk and Famine Centre
- Paul Flynn, Ionad na mBogach, Béal Átha Beithe
- Mary F. Kerley, Grúpa Oidhreacht na Coirre Duibhe-Ráth Fiachrach agus staraí áitiúil
- Larry McDermott, Cumann Seanchais Chlochair, agus staraí áitiúil
- Patrick Sherry, Staráí áitiúil
- Martin Brady, Forbairt Bhaile na Lorgan, agus saineolaí oidhreacht áitiúla
- Colm Brophy, Coillte
- John Keenan, Fóram Pobail
- Catriona Lennon, Leabharlann Chontae Mhuineacháin
- Rory McAtavie, Ionadaí Líonra Rannpháirtíochta Poiblí
- Marianne McEneaney, Oifigeach Forbartha, MID (Clár Ceannaireachta)
- John McKeown, Cumann Fáldlú na hÉireann
- Kathleen Ward, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
- Drew Hurley, Pleanálaí Feidhmiúcháin Sinsearach, Oifig Athghiniúna Baile, Comhairle Contae Mhuineacháin
- Marc Coyle, Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide, Comhairle Contae Mhuineacháin
- Máiréad Treanor, Leabharlannaí Sinsearach, Comhairle Contae Mhuineacháin
- Helen Irwin, Cumann Forbartha Pobail Ghlaslocha

Aguisín 3

Comhthéacs beartais do Straitéis Oidhreacht Chontae Mhuineacháin 2026-2031.

LEIBHÉAL AN CHONTAE

PLEAN CORPARÁIDEACH CHOMHAIRLE CONTAE MHUINEACHÁIN 2024 2029

Leis an bPlean seo, tarraingítear le chéile uaillmhian straitéiseach na Comhairle agus leagtar amach clár oibre cúig bliana atá le teacht chun an fhís a bhaint amach le haghaidh pobal rathúil, fiontraíoch agus beoga i Muineachán, agus geilleagar rachmasach agus timpeallacht inbhuanaithe mar thaca leis sin, arna éascú ag misean agus luachanna corparáideacha na Comhairle.

PLEAN FORBARTHA CONTAE MHUINEACHÁIN DRÉACHT 2025-2031

Soláthraítear leis an bPlean straitéis iomlán maidir le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe Chontae Mhuineacháin chun freastal ar leas an phobail agus leasanna daoine aonair araon. Áirítear sa Phlean cuspóirí maidir le caomhnú character an tírdhreacha agus radhairc, áiteanna agus gnéithe áilleachta nó spéise nádúrtha, cosaint struchtúr lena mbaineann tábhacht speisialta ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíonta, chultúrtha, eolaíoch, shóisialta nó theicniúil, agus caomhnú character na Limistéar Caomhantais Ailtireachta.

PLEAN ÁITIÚIL EACNAMAÍOCHTA AGUS POBAIL (LECP) MHUINEACHÁIN 2023 2029

Tá sé mar aidhm ag an LECP deiseanna sóisialta agus eacnamaíocha a fhorbairt agus a chur chun cinn do gach duine atá ina gcónaí i gContae Mhuineacháin agus gach duine a thugann cuairt air. Is doiciméid bheartais chomhlántacha iad an LECP agus an Plean Forbartha Contae, a bhfuil an fhís chéanna acu chun straitéis fhoriomlán a sholáthar.

i dtaca le forbairt shóisialta, gheilleagrach, chultúrtha agus fhisiciúil an chontae.

PLEAN UM GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE DE CHUID CHONTAE MHUINEACHÁIN 2024-2029

Leagtar amach sa phlean an chaoi a mbeidh Comhairle Contae Mhuineacháin freagrach as athléimneacht aeráide a fheabhsú, éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, thar a sócmhainní, seirbhísí agus bonneagar féin, agus tionchar a imirt ar earnálacha eile, abhcóideacht a dhéanamh orthu agus iad a éascú.

PLEAN BITHÉAGSÚLACHTA CEANTAIR ÁITIÚIL MHUINEACHÁIN DRÉACHT 2025-2030

Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta seo treochlár chun bithéagsúlacht a chosaint, a athbhunú agus a fheabhsú ar fud Chontae Mhuineacháin, ag cinntiú go n-éireoidh léi chun leasa na nglúnta reatha agus na nglúnta amach anseo trí rannpháirtíocht phobail, cleachtais inbhuanaithe, agus maoirseacht chomhoibríoch.

PLEAN BAINISTÍOCHTA STRAITÉISÍ MHÚSAEM CHONTAE MHUINEACHÁIN (2025-2030)

Le déanaí, cheiliúir Músaem Chontae Mhuineacháin 50 bliain ag freastal ar an bpobal sa Chontae agus sa réigiún teorann máguaird agus bhog siad isteach in áis nua, shaincheaptha ag an gCampas Síochána i mBaile Mhuineacháin. Treoróidh an plean iarrachtaí thar an chéad chúig bliana eile agus é mar aidhm ag Músaem Chontae Mhuineacháin lucht féachana leathan a mhealladh, spás bríomhar, cuimsitheach a chruthú inar féidir le gach duine cultúr saibhir an chontae a fhiosrú, le hinspioráid, nasc agus foghlaim a chothú chun saolta a shaibhriú agus meas níos doimhne a bheith againn ar ár n-oidhreacht chomhroinnte.

STRAITÉIS CULTÚIR AGUS CRUTHAITHEACHTA CHONTAE MHUINEACHÁIN 2023 2027

Tá sé d’aidhm ag an straitéis seo cur leis an rannpháirtíocht, an tuiscint agus an glacadh le cláir agus cleachtais chruthaitheacha agus chultúrtha, arna seachadadh ag an straitéis roimhe seo, agus bonn daonra níos leithne fós a bhaint amach sa chontae. Díreofar na hiarrachtaí go sonrach ar thrí sprioc: An Óige Ildánach, Pobail Ildánacha agus Tionscail Ildánacha, agus an dá sprioc eile, Sláinte agus Folláine Ildánach agus Inbhuanaitheacht agus Gníomhaíocht Chruthaitheach ar son na hAeráide, á leabú ag an am céanna. Is catalaíoch í an chruthaitheacht chun rannpháirtíocht phobail, léirmhíniú agus ceiliúradh oidhreacht a chothú.

STRAITÉIS TURASÓIREACHTA CHOMHAIRLE CONTAE MHUINEACHÁIN 2023- 2028

Tá sé mar aidhm ag an Straitéis treochlár muinéineach, fianaisebhunaithe, réamhbhreathnaitheach a chur ar fáil chun forbairt turasóireachta a threorú ar fud an chontae amach anseo agus leagtar amach inti moltaí maidir le forbairt éifeachtach eispéiris tumtha agus inbhuanaithe chun freastal ar éileamh agus ionchais na turasóireachta. Tá sé d’aidhm ag an Straitéis seo aghaidh a thabhairt ar easnaimh, deiseanna a thapú, agus comhpháirtíochtaí nua a fhás laistigh d’earnálacha turasóireachta agus áineasa an chontae.

PLEAN AERAÍOCHTA DO CHONTAE MHUINEACHÁIN 2025 – 2030

An tosaíocht don aeraíocht i gContae Mhuineacháin sna cúig bliana amach romhainn. Leis an bplean seo, cinntítear nach gcuirfear sláine chomhshaol agus oidhreacht Mhuineacháin i mbaoil as seo amach, déanfar cúrsaí comhshaoil agus bithéagsúlachta a fhi isteach i gcreatlach gach forbartha áineasa amach anseo.

AN LEIBHÉAL NÁISIÚNTA

AN TACHT OIDHREACHTA, 1995

Cuirtear chun cinn leis an Acht Oidhreacht 1995 spéis an phobail san oidhreacht náisiúnta, chomh maith le heolas, mar aon le meas agus cosaint na hoidhreacht céanna. Bunaíodh an Chomhairle Oidhreacht mar chomhlacht reachtúil faoin Acht, agus é mar mhisean aici tuiscint leathan a fhorbairt ar an méid rithábhachtach a chuireann ár n-oidhreacht lenár bhfolláine shóisialta, chomhshaoil agus eacnamaíoch.

OIDHREACHT ÉIREANN 2030

Is creat é Oidhreacht Éireann 2030 chun oidhreacht na hÉireann a chosaint, a chaomhnú, a chur chun cinn agus a bhainistiú, arna ullmhú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht . Aithnítear sa straitéis an tábhacht bhunúsach atá ag an oidhreacht dár sochaí, dár bhfolláine agus dár ngeilleagar, i gcomhthéacs na ndúshlán atá ag méadú lena n-áirítear athrú úsáide talún, athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta agus dearóiliú. Glacann sí le héagsúlacht na hoidhreacht i sochaí ilchultúrtha na hÉireann agus tacaíonn sí le hionchuimsitheacht agus rannpháirtíocht le gach pobal.

PLEAN FORBARTHA LEABHARLANNA CHONTAE MHUINEACHÁIN 2024-2028

Tacaíonn leabharlanna le rannpháirtíocht phobail san oidhreacht agus sa chultúr agus cuireann siad áit chruinnithe, clár éagsúil imeachtaí agus rochtain ar bhailiúcháin staidéar áitiúil ar fáil. Leagtar amach sa phlean cúig bliana tosaíochtaí chun freastal ar riachtanais athraitheacha an phobail agus chun tacú le litearthacht, foghlaim ar feadh an tsaoil agus rannpháirtíocht chultúrtha.

STRAITÉIS EALAÍON CHOMHAIRLE CONTAE MHUINEACHÁIN 2025 – 2031

Leagtar amach sa phlean na trí réimse straitéiseacha fócais don Oifig Ealaíon mar seo a leanas; Tacú le hEalaíontóirí; Daoine Óga agus na hEalaíona agus Cumas a Chruthú. Déanfaidh an Oifig Ealaíon iarracht freisin tacú le tionscnaimh ghairmiúla ealaíon a imríonn tionchar ar an turasóireacht agus ar an oidhreacht.

ÁR NÁIT SAN AM, PLEAN STRAITÉISEACH NA COMHAIRLE OIDHREACHTA 2023-2028

Tá straitéis cúig bliana na Comhairle Oidhreacht maidir le luacháil, cúram agus taitneamh oidhreacht leagtha amach faoi shé sprioc straitéiseacha: Ceannaireacht agus Maoirseacht, Athrú Aeráide agus Caillteanas na Bithéagsúlachta, Taighde, Comhpháirtíocht, Pobail agus Oideachas agus Rannpháirtíocht. Leagtar amach i dTreoirlínte Pleananna Oidhreacht Údaráis Áitiúil na Comhairle Oidhreacht (2024) conas is féidir le Comhairlí tacú le cur i gcrích colún agus gníomhartha sonracha ar an leibhéal áitiúil.

PHLEAN UM GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE 2024

Leagtar amach sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024 gníomhartha chun cuspóirí náisiúnta aeráide a chomhlíonadh maidir leis an aistriú go geilleagar atá seasmhach ó thaobh na haeráide, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus neodrach ó thaobh na haeráide de. Tá sé seo chun tacú le laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach agus chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú faoi 2050. Tá Pleananna Oiriúnaithe Earnálacha á bhforbairt/á nuashonrú faoi láthair faoin dara Creat Náisiúnta Oiriúnaithe reachtúil in Éirinn (2024) d’Oidhreacht Thógtha & Seandálaíochta agus Bithéagsúlacht.

PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA NÁISIÚNTA UM BITHÉAGSÚLACHT NA HÉIREANN 2023-2030

Tá sé mar aidhm ag an gceathrú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2023-2030 a chinntiú go bhfuil feasacht ag gach saoránach, pobal, gnólacht, údarás áitiúil, gníomhaireacht leathstáit agus stáit ar an mbithéagsúlacht agus an tábhacht a bhaineann léi agus ar impleachtaí a caillteanais. Tá sé mar aidhm aige freisin tuiscint a mhéadú ar an gcaoi a bhféadfaimid go léir aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim bithéagsúlachta mar chuid d’iarracht náisiúnta athnuaite chun “gníomhú ar son an dúlra”. Leanfaidh an plean de ghníomhartha a chur chun feidhme laistigh de chreat na gcúig chuspóir straitéiseacha a leagadh amach sa phlean roimhe seo, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar shaincheisteanna nua agus ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn.

PLEAN UILE-ÉIREANN UM PAILNEOIRÍ 2021-2025

Tá sé mar aidhm ag Plean Uile-Éireann um Pailneoirí 2021-2025 beacha, feithidí pailnithe eile agus bithéagsúlacht a chosaint agus a chothú trí bhealach níos fearr agus níos inbhuanaithe a spreagadh chun ár dtírdhreach iomlán a bhainistiú. Leagtar amach sa Phlean 186 gníomh thar shé chuspóir agus comhordaíonn an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta an cur chun feidhme.

CULTÚR 2025

Is Creat Náisiúnta Beartais Chultúrtha é Cultúr 2025, a leagann síos treo bheartais an Rialtais ar fud na hearnála cultúrtha, lena n-áirítear na healaíona, an Ghaeilge agus na hearnálacha cruthaitheacha, oidhreachta agus closamhairc. Aithníonn an creat luach an chultúir agus na cruthaitheachta don duine aonair agus don tsochaí, an gá atá le tacú le cleachtas cruthaitheach agus rannpháirtíocht chultúrtha agus tiomantas chun oidhreacht chultúrtha na hÉireann a chothú. Tá na haidhmeanna seo á gcur chun cinn cheana féin trí thionscnaimh reatha an Rialtais, lena n-áirítear an Clár ‘Éire Ildánach’.

ÉIRE ILDÁNACH 2023–2027

Is tionscnamh uile-rialtais é Clár ‘Éire Ildánach’ atá tiomanta do rochtain ar chultúr agus ar chruthaitheacht na hÉireann, rannpháirtíocht iontu agus an taitneamh a bhaintear astu a fheabhsú. Trí chomhoibriú agus comhpháirtíocht a chuirfear i gcrích leis an gclár, cuirfear tuiscint agus meas ar luach na cruthaitheachta chun cinn i ngach foirm, bíodh sé sin trí na healaíona, an cultúr, an oidhreacht nó an teicneolaíocht. I measc na dtéamaí tosaíochta tá an Óige Ildánach, Pobail Ildánacha, Tionscail Ildánacha, Sláinte agus Folláine Ildánach agus Inbhuanaitheacht agus Gníomhaíocht Chruthaitheach ar son na hAeráide.

LÁR BAILTE AR DTÚS, CUR CHUIGE BEARTAIS DO BHAILTE NA HÉIREANN, 2022

Is polasaí tras-rialtais é Lár Bailte Ar dTús a bhfuil sé mar aidhm aige dul i ngleic le folúntais, dul i ngleic le dearóiliú agus beocht nua a chur i lár na mbailte. Molann sé cur chuige iomlánaíoch, áitbhunaithe i leith forbairt inbhuanaithe tuaithe, toisc go bhfuil dúshlán shuntasacha roimh agus deiseanna ag bailte na hÉireann a éilíonn freagairt chomhordaithe agus chuimsitheach.

AN LEIBHÉAL IDIRNÁISIÚNTA

SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE (SFINNA) NA NÁISIÚN AONTAITHE

Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, a ghlac Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe in 2015. Is glao práinneach iad 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) ar ghníomhaíocht ó gach tír i gcomhpháirtíocht dhomhanda chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht, an pláinéad a chosaint agus bogadh i dtreo ratha do chách faoi 2030. Sa bhliain 2021, d’fhoilsigh an Chomhairle Idirnáisiúnta um Shéadchomharthaí agus Láithreáin, ICOMOS¹⁰, treoirlínte beartais do ghníomhaithe oidhreachta agus forbartha, ina leagtar amach go soiléir na naisc idir na 17 SFI agus an oidhreacht. Is é an phríomhthreoir beartais cumhacht na hoidhreachta a úsáid chun dlús a chur le baint amach na SFInna.

TREOIR AN AONTAIS EORPAIGH MAIDIR LE HÉIN

Glacadh leis an Treoir maidir le hÉin (Treoir 79/409/CEE) sa bhliain 1979, agus tá sé d’aidhm aici gach speiceas éan fiáin nádúrtha atá san Aontas Eorpach agus a ngnáthóga is tábhachtaí a chosaint. Chomh maith le stop a chur le laghdú nó díothú speiceas éan, tá sé d’aidhm ag an Treoir ligean do speicis éan athshlánú agus fás san fhadtéarma. Chun na haidhmeanna sin a bhaint amach, ceanglaítear ar thíortha AE aon bhearta is gá a dhéanamh chun daonraí éan a choinneáil nó a athbhunú.

TREOIR AN AONTAIS EORPAIGH MAIDIR LE GNÁTHÓGA

Glacadh leis an Treoir maidir le Gnáthóga (Treoir 92/43/CEE ón gComhairle) in 1992 agus tá sé mar aidhm aici breis is míle speiceas a chosaint, lena n-áirítear mamaigh, reptílí, amfaibiaigh, inveirteabraigh éisc, agus plandaí, agus 230 cineál gnáthóige saintréithí. Is é an cuspóir foriomlán a chinntiú go gcoimeádtar na speicis agus na cineálacha gnáthóg seo, nó go n-athchóirítear iad, chuig stádas caomhnaithe fabhrach laistigh den AE. Chomh maith le stop a chur le tuilleadh laghdaithe nó díothú na speiceas agus na ngnáthóg seo, tá sé mar aidhm ag an Treoir ligean dóibh athshlánú agus fás san fhadtéarma.

COINBHINSIÚN CHUN OIDHREACHT SEANDÁLAÍOCHTA NA HEORPA A CHOSAINT (VAILEITE, 1992)

Bhunaigh an coinbhinsiún corp caighdeán dli bunúsach don Eoraip, a bhí le comhlíonadh ag beartais náisiúnta chun sócmhainní seandálaíochta a chosaint mar fhoinsí fianaise eolaíche agus doiciméadaí, i gcomhréir le prionsabail an chaomhnaithe chomhtháite. De bharr an choinbhinsiúin, tá caomhnú agus feabhsú na hoidhreachta seandálaíochta ar cheann de spriocanna na mbeartas pleanála uirbí agus réigiúnacha agus baineann an coinbhinsiún le comhoibriú i measc seandálaithe agus pleanálaithe baile agus réigiúnacha chun a chinntiú go ndéantar an oidhreacht seandálaíochta a chaomhnú go han-mhaith.

COINBHINSIÚN CHUN OIDHREACHT AILTIREACHTA NA HEORPA A CHOSAINT (GRANADA, 1985)

Príomhchuspóir an Choinbhinsiúin ná na beartais, chun oidhreacht na hEorpa a chaomhnú agus a fheabhsú, chun iad a neartú agus a chur chun cinn. Dearbhaítear leis freisin an gá atá le dlúthpháirtíocht Eorpach maidir le caomhnú oidhreachta agus tá sé deartha chun comhar praiticiúil a chothú i measc na bPáirtithe. Bunaítear leis prionsabail maidir le “comhordú Eorpach ar bheartais chaomhnaithe” lena n-áirítear comhairliúcháin maidir le brí na mbeartas atá le cur chun feidhme.

¹⁰ Bhunaigh EOEEN an Chomhairle Idirnáisiúnta um Shéadchomharthaí agus Láithreáin, ICOMOS, sa bhliain 1965 agus is líonra saineolaithe í a oibríonn ar son chaomhnú agus cosaint na hoidhreachta cultúrtha ar fud an domhain. Bunaíodh ICOMOS Éireann sa bhliain 1984 agus tá ballraíocht fhorleathan aige ó sheirbhísí oidhreachta an Stáit, rialtas áitiúil, gníomhaireachtaí leathstáit, músaem, ollscoileanna agus cleachtas príobháideach agus ballraíocht ildisciplíneach de sheandálaithe, staraith, pleanálaithe, ailtirí, innealtóirí agus cleachtóirí caomhnaithe eile.

Straitéis Oidhreachta Chontae Mhuineacháin *2026-2031*



Comhairle Contae Mhuineacháin
Monaghan County Council



Ceangal
Clár den Chomhairle Oidhreachta
A Heritage Council programme

Printed on a 100% recycled paper